

**BEARTAS UM
AINMNIÚ COMÓRTHA BONNEAGAIR AGUS CUR AR FÁIL SÉADCHOMHARHAÍ,
CUIMHNEACHÁN AGUS PLAICEANNA**

1. Comhthéacs

- 1.1** Aithníonn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath gur deiseanna iad comóradh agus cuimhneacháin phoiblí urraim a thabhairt, ceiliúradh a dhéanamh, nó cuimhneamh ar dhuine áirithe, grúpa daoine nó eachtraí suntais. Cuireann siad deis ar fáil don Chathair aird a dhíriú ar bhealaí a chuirtear ar bhealach tábhachtach go sóisialta, go cultúrtha agus go heacnamaíoch leis an tsochaí, chomh maith le deis ceiliúradh a dhéanamh ar uathúlacht na Cathrach agus ‘ómós áite’ a chruthú, rud atá aitheanta a bheith fíorthábhachtach do shaoránaigh agus do chuairteoirí araon.
- 1.2** Leagtar amach sa bheartas seo an próiseas trína ndéanfaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath breithniú ar chomóradh na n-eachtraí nó na ndaoine a d’imir tionchar ar an gcathair, trí ghnéithe bonneagair a ainmniú nó trí shéadchomharthaí, cuimhneacháin agus plaiceanna a chur in airde sa réimse poiblí.
- 1.3** Tá sé tábhachtach don Chomhairle Cathrach beartas a cheapadh ar an gceist seo toisc:
- Gá a bheith le soiléire faoin mbeartas agus faoi na nósanna imeachta atá ann maidir le moltaí a bhíonn déanta ag daoine agus grúpaí sainleasa a bhreithniú;
 - An méid mór éilimh ar ainmniú bonneagair agus cur in airde cuimhneachán agus plaiceanna;
 - Gné mhothúchánach na n-iarratas i gcásanna go bhfuair an duine bás le déanaí;
 - An gá atá le cinntiú nach mbainfidh an iomarca cuimhneachán agus plaiceanna de thaitneamhacht agus taitneamh i gcoitinne na spásanna poiblí.

2. An Coiste um Ainmniú Comórtha

- 2.1** Bhí Coiste um Ainmniú Comórtha bunaithe ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun moltaí a dhéanamh maidir le hainmniú príomhghnéithe bonneagair agus roghnú daoine nó eachtraí ar a ndéanfar comóradh trí shéadchomharthaí nó plaiceanna cathrach a chur in airde.
- 2.2** Caithfear moltaí faoi ainmniú gnéithe bonneagair agus tiomnú cuimhneachán agus plaiceanna a sheoladh isteach go foirmiúil trí phróiseas comhaontaithe.
- 2.3** Déanfaidh an Coiste um Ainmniú Comórtha breithniú ar na hiarratais go léir a mheastar a bheith bailí faoi théarmaí an bheartais seo. D’fhéadfadh an Coiste, faoina rogha féin, eolas breise a iarraidh faoi mholadh ar bith.

3. An Réimse Poiblí

3.1 Aithnítear i Straitéis Réimse Phoiblí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, ‘Do Chathair Do Spás’, ar glacadh leis in 2012, an tábhacht atá leis an réimse poiblí i gcur i láthair íomhá na cathrach ‘toisc go dtéann sí i bhfeidhm ar an tuiscint atá againn orainn féin agus ar an mbealach is mian linn muid féin a chur i láthair daoine eile.’¹

3.2 Tugtar suntas sa Bheartas um bonneagar a ainmniú agus plaiceanna a chur in airde do na nithe seo a leanas:

Aithnítear sa Straitéis Réimse Phoiblí ordlathas spásanna poiblí sa chathair agus ceist an traglaim i lár na cathrach. Mar sin, ní bhreithneofar ar lár na cathrach, ceantar atá sainithe mar an gceantar idir an dhá chanáil, ach le haghaidh moltaí i leith daoine fórcháiliúla nó eachtraí a bhfuil suntas náisiúnta agus idirnáisiúnta ag baint leo.

¹ Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Straitéis Réimse Phoiblí, Do Chathair Do Spás
http://www.dublincity.ie/Planning/Documents/Draft_PRS_291111_web.pdf

4. Logainmneacha, Sráideanna agus Spásanna Poiblí

- 4.1 Tá nósanna imeachta bunaithe ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath le haghaidh logainmneacha agus ainmniú spásanna poiblí, sráideanna nó athainmniú sráideanna.
- 4.2 Cuirtear an próiseas seo i gcrích trí na cúig oifig ceantair sa Chomhairle Cathrach agus moltaí déanta ag na Coistí Ceantair Áitiúil, agus fanfaidh an próiseas mar an gcéanna.

5. Ealaíon Phoiblí

- 5.1 Is mór ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath mar a chuireann ealaín bhuan le feabhsú an réimse phoiblí.
- 5.2 Bíonn moltaí dealbh agus saothair bhuna amharc-ealaíne eile measúnaithe ag an nGrúpa Comhairleach Ealaíon agus Cultúrtha.²

6. Comhaltaí an Choiste

- 6.1 Tá ochtar Comhairleoirí Cathrach ar an gCoiste um Ainmniú Comórtha.
- 6.2 Beidh na hoifigigh seo a leanas ag cabhrú leis an gCoiste:
- An Bainisteoir Feidhmiúcháin, Seirbhísí Cultúir, Fóillíochta agus Eacnamaíochta;
 - Bainisteoir Feidhmiúcháin bainteach na Roinne is óstach nó an Bainisteoir Ceantair;
 - Leabharlannaí Bhaile Átha Cliath;
 - Oifigeach Ealaíon Bhaile Átha Cliath;
 - Oifigeach Oidhreachta Bhaile Átha Cliath;
 - Bainisteoir Ealaíne Poiblí Bhaile Átha Cliath;
 - Oifigigh eile Comhairle de réir mar is gá.

7. Téarmaí Oifige

- 7.1 Beidh na comhaltaí Comhairle ainmnithe agus faofa ag an gComhairle Cathrach agus léireofar comhréireacht agus dáileadh na n-ionadaithe tofa ar an gComhairle Cathrach tríd seo.
- 7.2 Beidh téarmaí oifige na gcomhaltaí i gcomhréir le téarma na Comhairle. Beidh folúntas fánach ar bith a bhíonn ann líonta trí ainmniú agus faomhadh ag an gComhairle Cathrach.

8. An Cathaoirleach

- 8.1 Beidh an Cathaoirleach tofa ag na Comhaltaí Comhairle ar an gCoiste as measc na gComhaltaí Comhairle ar an gCoiste roimh an gcéad chruinniú.
- 8.2 Mairfidh téarma seirbhíse an chathaoirligh ar feadh téarma bliana amháin. Beidh an cathaoirleach atá ag dul as oifig incháilithe a bheith atofa gach bliain.

² Féach ar na *Beartais agus Straitéisí um Ealaín Phoiblí a Bhainistiú* a bhí glactha ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath in 2009. www.dublincitypublicart.ie

9. Líon Gnó

Beidh triúr comhaltaí de dhíth chun líon gnó a bhaint amach.

10. Saineolas Breise

- 10.1** D'fhéadfadh an Coiste iarraidh ar chomhairle páirtithe inmheánacha agus/nó seachtracha (nach bhfuil ina gcomhaltaí den Choiste) agus moltaí á measúnú aige.
- 10.2** D'fhéadfaí iarraidh ar na saineolaithe sin trácht a dhéanamh ar mholtaí a bhaineann lena réimse saineolais agus/nó cuireadh a thabhairt dóibh freastal ar, agus cur le cruinnithe an Choiste. Níl cearta vótála ag a leithéid de shaineolaithe.

11. Comhairliúchán Poiblí

Lorgóidh an Coiste um Ainmniú Comórtha tráchtanna ar mholtaí faoi ainmniú gnéithe móra bonneagair / séadchomharthaí / dealbh trí na hOifigí Ceantair / Coistí Ceantair, agus glacfaidh sé le tráchtanna an phobail.

12. Vótáil

- 12.1** I gcás go ndéantar vótáil ar mholadh áirithe, níl cead ach ag na comhaltaí sin atá i láthair ag an gcruinniú vóta a chaitheamh.
- 12.2** Beidh vóta réitigh ag an gCathaoirleach.

13. Cinneadh deiridh

Cuirfear moltaí an Choiste um Ainmniú Comórtha faoi bhráid na Comhairle iomláine chun cinneadh deiridh a dhéanamh ar ghnéithe móra bonneagair agus séadchomharthaí/dealbh.

14. Prionsabail um Ainmniú Comórtha

- 14.1** Is ómós marthanach é séadchomhartha do dhuine, grúpa nó eachtra. Mar sin caithfidh an Chomhairle a bheith muiníneach go bhfuil a dhóthain tábhachta ag baint leis an duine a bhfuil an cuimhneachán in onóir dó/di chun go mairfidh toradh an chinnidh séadchomhartha a cheadú ar feadh i bhfad.
- 14.2** I gcás go ndéantar moltaí éagsúla le haghaidh ainmniú bonneagair mhóir, spás cathrach nó cur in airde séadchomhartha sa réimse poiblí, d'fhéadfadh an Coiste um Ainmniú Comórtha critéir bhreise a cheapadh a fhógrófar go poiblí.
- 14.3** Ina leithéid de chásanna, féachfaidh an Coiste le hainm a roghnú atá ag teacht go cuí le comhthéacs, suíomh agus tábhacht an bhonneagair agus le stair na cathrach.
- 14.4** Spreagann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath bealaí difriúla le comóradh a dhéanamh. Is féidir seo a bhaint amach trí na nithe seo
- Tionscadail staire, cartlainne agus taighde a tharlaíonn in áit nó pobal ar leith, nó ar fud na cathrach go léir.
 - Tionscadail forbartha pobail (ealaíona, spórt, oideachas, srl) atá i gcuimhne ar dhaoine aonair, grúpaí nó eachtraí.
 - Meáin dhigiteacha a fhorbairt atá in ann bealaí nua smaointeoireachta faoin am atá caite agus faoina chomóradh a chumasú.

- 14.5** Bunófar clár ina ndéanfar taifead ar ainmniú bonneagair agus cur in airde séadchomharthaí agus plaiceanna.

15. Critéir

Seo a leanas critéir le haghaidh na moltaí go léir maidir le hainmniú bonneagair den Chomhairle Cathrach nó cur in airde séadchomhartha nó plaice in onóir duine, grúpa, eagraíochta nó eachtra:

- 15.1** Caithfidh gur rugadh an duine i mBaile Átha Cliath nó go raibh cónaí air/uirthi ann agus ceangail láidre agus/nó mharthanacha aige/aici leis an gcathair.
- 15.2** Caithfidh gur chuir an duine/na daoine go huathúil agus go fíormhór le saol nó stair Bhaile Átha Cliath trí ghaisce, seirbhís shaintréitheach nó cion oibre suntasach don phobal.
- 15.3** I gcás go bhfuil eachtra le comóradh, caithfidh gur tharla sí seo i mBaile Átha Cliath.
- 15.4** Caithfidh gur tharla an eachtra fiche bliain roimhe ar a laghad, ach amháin má tá fíorshuntas marthanach don chathair ag baint léi.
- 15.5** Nuair a bheidh moltaí maidir le gnéithe bonneagair a ainmniú nó séadchomharthaí/plaiceanna cathrach a chur in airde á mbreithniú, déanfar breithniú ar an mbonneagar, na séadchomharthaí nó na plaiceanna atá ann cheana féin in onóir an duine nó na heachtra atá i gceist.
- 15.6** Ní bhreithneofar ar mholtaí comóradh a dhéanamh ar dhaoine atá beo go fóill. Caithfidh go bhfuair na hiarrthóirí bás fiche bliain roimhe seo ar a laghad nó gur imigh comóradh céid a mbreithe tharainn cheana, cibé is luaithe.
- 15.7** Caithfidh gach moladh séadchomharthaí, cuimhneacháin nó plaiceanna a chur in airde cloí leis na rialacháin phleanála. Is gá cead scríofa a fháil ó Rannóg Forbartha Maoine Caomhantais/Pleanála Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun plaic a chur in airde ar struchtúr faoi chosaint.
- 15.8** Moladh ar bith atá ann plaic a chur in airde ar fhoirgneamh nach bhfuil faoi chosaint ach atá suite i Limistéar Caomhantais Ailtireachta, déanfar é a chur ar aghaidh chun comhairle agus soiléiriú a fháil ón Oifig Caomhantais (An Rannóg Pleanála).
- 15.9** Caithfear cead na n-úinéirí a fháil agus pé áit ar bainteach, cead sealbhóirí léasa/bainisteoirí foirgnimh na maoine príobháidí nó na bhfoirgneamh, agus caithfear a léiriú i scríbhinn nuair a sheoltar isteach an t-iarratas gur tugadh é.
- 15.10** Caithfidh fianaise ar thoiliú a bheith curtha ar fáil ó dhaoine de mhuintir, eastát nó an grúpa a bhaineann leis an duine nó an eachtra atá le comóradh.
- 15.11** Déanfar breithniú ar chothromaíocht ghnéis a bhaint amach.

16. An Bonneagar

Cuimsíonn an bonneagar foirgnimh, droichid, timpealláin agus struchtúir eile.

- 16.1** Ní bhreithneofar ach ar ainmniú gnéithe móra bonneagair amhail timpealláin, foirgnimh (neamhchónaitheacha), áiseanna agus droichid. Ní bhreithneofar ar ghnéithe beaga bonneagair le haghaidh ainmnithe.

- 16.2** Ní ainmneofar páirceanna poiblí cathrach, stáisiúin briogáid dóiteáin, leabharlanna poiblí, oifigí cathrach agus áiseanna fónais as daoine ná eachtraí. Beidh ainmneacha páirceanna poiblí, stáisiúin briogáid dóiteáin agus gnéithe bonneagair eile ag teacht leis an áit nó baile fearainn.
- 16.3** Caithfidh mórán de chomhaltaí an Choiste atá i láthair a bheith ar aon intinn faoi mholadh maidir le hainmniú gné mhór bhonneagair amhail droichead nó foirgneamh mór cathrach.

17. Séadchomharthaí

Meastar séadchomhartha a bheith ina struchtúr tríthoiseach a bhfuil rilíf ard nó íseal ag baint leis, de dhearadh ailtireachta nó dealbhóireachta, agus é curtha in airde le comóradh a dhéanamh ar dhuine nó eachtra.

- 17.1** Cuirfear gach moladh i leith séadchomharthaí a bhíonn molta ag an gCoiste um Ainmniú Comórtha ar aghaidh chuig an nGrúpa Comhairleach Ealaíon agus Cultúrtha le bheith breithnithe agus chun moladh a fháil faoina bhfiúntas ealaíonta agus a bhféidearthacht theicniúil.
- 17.2** Cuirfear moladh séadchomhartha ar aghaidh chuig an nGrúpa Comhairleach Ealaíon agus Cultúir má mheasfar nach bhfuil ann ach ealaín phoiblí agus go bhfuil sé níos oiriúnaí don Choiste sin dá bharr.
- 17.3** D'fhéadfadh moltaí a bheith faoi réir ag reachtaíocht phleanála.
- 17.4** Níor chóir duine a chomóradh ach le séadchomhartha amháin.

18. Plaiceanna

Is leac inscríofa í Plaic a fheistítear le balla nó dromchla eile. Is gnách iad a chur in airde chun comóradh a dhéanamh ar áit chónaithe nó áit oibre duine shuntasaigh nó ar eachtra mhór a tharla. Aithnítear i dTreoirínte Cosanta Oidhreachta Ailtireachta na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta an fiúntas a d'fhéadfadh a bheith le plaic agus í ag díriú airde ar chomhthéacs stairiúil foirgnimh, lena n-áirítear daingneáin agus gnéithe atá ann cheana féin.

- 18.1** Tá Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath tar éis glacadh le scéim plaiceanna comórtha.
- 18.2** Tá an scéim plaiceanna seo beartaithe le héascú a dhéanamh ar chomóradh daoine, eagraíochtaí agus eachtraí a chuir go huathúil agus go mór le saol nó stair Bhaile Átha Cliath trí ghaisce, seirbhís shaintréitheach no cion oibre mór don phobal.
- 18.3** Tá an phlaic deartha go cúramach ionas gur féidir í a léamh i bhfad amach uaithi, mar sin tá srian le líon na gcarachtar is féidir a chur uirthi.
- 18.4** Ní thabharfaidh an Coiste um Ainmniú Comórtha cead ach do mholtaí plaiceanna a chloíonn le scéim plaiceanna CCBÁC.³
- 18.5** Ní ceadmhach plaiceanna a fheistiú ach leis an bhfoirgneamh bunaidh nó áit a bhfuil an t-éadan ina éadan macasamhla ar an láthair bhunaidh.

³ <http://www.dublincity.ie/main-menu-services-recreation-culture/commemorative-naming>

- 18.6** Caithfidh caoi agus cuma mhaisiúil oiriúnach a bheith ar éadan an fhoirgnimh atá beartaithe don phlaic agus é a bheith oiriúnach do chur ar taispeáint na plaice ar airde ag ar féidir í a léamh.
- 18.7** Níl Plaiceanna Cuimhneacháin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, rudaí atá déanta d'eibhear agus bonn cruach orthu, oiriúnach le bheith suite sa talamh.
- 18.8** Ní dhéanfar comóradh ar dhuine ach le plaic nó cuimhneachán amháin.
- 18.9** Níl cur in airde ná athsholáthar phlaiceanna nó ainmchláir gnólachtaí agus agraíochtaí cuimsithe sa bheartas seo.

19. Cuimhneacháin Pobail

Is cuimhneachán discréideach é Cuimhneachán Pobail (mar shampla, crann nó binse i bpáirc phoiblí, sráid nó spás poiblí) atá tiomnaithe do dhuine nó grúpa nó atá ann chun comóradh a dhéanamh ar eachtra.

- 19.1** Cuirfear moltaí le haghaidh cuimhneacháin pobail amhail binse nó cur crainn atá le bheith suiteáilte/déanta i bpáirc phoiblí cathrach nó i spás poiblí, ar aghaidh chuig Rannóg Seirbhísí Páirceanna agus Tírdhreacha Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath le haghaidh molta. Is ceist é seo don Choiste Ceantair chomh maith.
- 19.2** I gcásanna eisceachtúla agus faoi réir rogha Cheannfort Pháirceanna Poiblí na Cathrach, breithneofar ar chineálacha eile cuimhneachán (faoi réir suíomhanna oiriúnacha a bheith ar fáil).

Féach an nasc le Treoirínite ar Chuimhneacháin i bPáirceanna Poiblí [Clliceáil anseo](#)

20. Nósanna Imeachta Ginearálta

- 20.1** Caithfear moltaí a dhéanamh i scríbhinn ar fhoirm iarratais oifigiúil, rud atá ar fáil ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath tríd an bpost nó trí ríomhphost, nó ar féidir í a íoslódáil ag www.dublincity.ie/
- 20.2** Caithfear léarscáil mharcáilte agus grianghraif den suíomh beartaithe a sheoladh isteach in éineacht leis an bhfoirm iarratais chomhlánaithe.
- 20.3** Caithfear téacs na foclaíochta beartaithe do shéadchomhartha nó plaic a chur ar fáil in éineacht le léirshamhlú (dearthaí, líníochtaí) den mholadh. Is ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a bheidh an focal scoir maidir le téacs plaice.
- 20.4** Ní dhéanfaidh an Coiste um Ainmniú Comórtha breithniú ach ar mholtaí iomlána bailí.
- 20.5** Glacfar le hábhar tacaíochta amhail foilseacháin, téacsanna, grianghraif, físeáin is araile. Tabharfar aire mhaith dá leithéid d'ábhar tacaíochta. Ní ghlacann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus a tionscnóirí nó a bainisteoirí le freagracht as cailteanas nó damáiste ar bith a tharlódh. Beidh ar iarratasóirí ábhar tacaíochta a bhailiú taobh istigh de mhí amháin tar éis dóibh a bheith curtha ar an eolas faoi chinntí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.
- 20.6** Caithfidh dearadh agus téacs foclaíochta ar bith, a bhaineann le hainmniú bonneagair nó cur in airde séadchomhartha, a bheith comhaontaithe le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

- 20.7** Beidh an fhoclaíocht ar shéadchomharthaí agus ar phlaiceanna i mBéarla agus i nGaeilge.
- 20.8** Íocfaidh na moltóirí as na costais a bhaineann le gnéithe bonneagair a ainmniú nó séadchomharthaí/plaic a chur in airde. Beidh ar na moltóirí a léiriú go bhfuil an maoiniú atá ag teastáil ar fáil don mholadh.
- 20.9** Is faoi thionscnóir bunaidh na plaice atá sé an comhaontú “dea-thola” le húinéirí an fhoirgnimh a chothabháil agus cuma na plaice a chothabháil go brách. Anuas air sin, ní bheidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath freagrach as cothabháil agus cúram plaiceanna a bhí curtha chun cinn ag duine aonair nó grúpa ina dhiaidh sin.
- 20.10** Aithnítear go bhféadfadh plaiceanna cur le díol spéise foirgnimh agus moltar iad a choinneáil *in situ* agus gan iad a bhaint.
- 20.11** D’fhéadfadh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath tús a chur le hainmniú bonneagair nó séadchomharthaí/plaic a chur in airde tríd an gCoiste um Ainmniú Comórtha, agus ina leithéid de chásanna, d’fhéadfadh an Chomhairle íoc as an tionscnamh nó íoc as cuid de.
- 20.12** Caithfidh gach obair a dhéantar mar chuid de mholadh don Choiste um Ainmniú Comórtha cloí leis an reachtaíocht chuí go léir, lena n-áirítear fodhlíthe Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.
- 20.13** Tá an cinneadh cead a thabhairt chun plaic a chur in airde faoi réir ag Conradh nó comhaontú scríofa le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.
- 20.14** Déanfaidh an Coiste um Ainmniú Comórtha athbhreithniú ar an mbeartas seo gach cúig bliana. D’fhéadfadh an Coiste seo moltaí a dhéanamh ina leithéid d’athbhreithnithe.

21. Achomhairc

Breithneofar ar achomhairc san aon chás go ndéantar líomhain ar an bhfoirm oifigiúil go raibh breithniú an Choiste um Ainmniú Comórtha ar mholadh áirithe éagothrom, míréasúnta nó neamhleor ó thaobh nósanna imeachta de.

22. Glacadh

- 22.1** Ghlac Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath leis an Doiciméad Beartais seo ag cruinniú dá cuid ar an 12 Meitheamh 2017.

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Seirbhísí Cultúir, Fóillíochta agus Eacnamaíochta
Bloc 4, Urlár na Talún,
Oifigí na Cathrach
Baile Átha Cliath 8
cra@dublincity.ie
01-2222172